



2024/937

25.4.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 195/2023

an 22 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fiteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/937]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1525 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2022 maidir le monaihidgeaclóiríd L-lisín agus sulfáit L-lisín arna dtáirgeadh trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* CGMCC 14498 a údarú mar bhriseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 477 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1470 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'478. **32022 R 1525:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1525 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2022 maidir le monaihidgeaclóiríd L-lisín agus sulfáit L-lisín arna dtáirgeadh trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* CGMCC 14498 a údarú mar bhriseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 237, 14.9.2022, lch. 12).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1525 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 237, 14.9.2022, lch. 12.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER
